


# Dlús a chur le Féith na Cruthaitheachta in COC

**Plean Ealaíon agus Cultúir Choláiste na hOllscoile Corcaigh 2022-2026**

UCC

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland



Thuas: Tionscnamh 'Creative Agency' ag tacú le teifigh agus iarrthóirí tearmainn óga in Áiléar Glucksman, COC




# Clár

04

**Réamhrá**

06

**Brollach**

14

**Cuspóir, Fís agus Misean**

16

**Cuspóirí Straitéiseacha**

17

**Gníomhartha Straitéiseacha**

22

**Cur i bhFeidhm**

23

**Aguisín:**
**Modheolaíocht an Chaidrimh**

# Réamhrá



An tOllamh John O'Halloran
Uachtarán
Grianghraf le Tomás Tyner

Mar ollscoil cheannródaíoch taighde, tá COC tiomanta do chruthaitheacht, nuálaíocht agus cleachtadh comhoibritheach ina chuid disciplíní go léir. Tá an chruthaitheacht mar bhonn lenár gcuid taighde, teagaisc agus foghlama chun eolas nua agus luachmhar a spreagadh agus a roinnt. Is chun tairbhe na mac léinn agus na mball foirne dár gcuid, mar aon leis an bpobal mór, na fionnachtana úrnua a dhéantar sa ghort, sa tsaotharlann, sa halla léachta, san áiléar, sa leabharlann agus sa spás taibhléirithe. Cúis áthais dom go bhfuil an tiomantas seo don mhianach chruthaitheach mar chuid lárnach de Phlean Ealaíon agus Cultúir COC.


Bainfidh an plean seo leas as buanna agus scileanna fairsinge na hollscoile ó thaobh cultúir, ealaíne, oidhreachta agus cruthaitheachta de agus déanfaidh sé iad a ghríosadh. Beidh páirt nach beag ag mic léinn agus baill foirne dár gcuid chun ár gcuid teagaisc, foghlama agus cleachtaidh a chur chun cinn d'fhonn COC a bhunú mar cheann de na hionaid is nua-aimseartha ar domhan maidir le taighde cultúir agus dul sa seans ar bhonn cruthaitheach. Tacóidh sé le cuspóirí cruthaitheacha an phobail seo dár gcuid i raon leathan disciplíní; agus cinnteoidh sé go mbeidh COC in ann cleachtadh níos fearr ná riamh a sholáthar agus é ag plé leis an bpobal ar bhonn tras-disciplíneach agus cónasctha.

Bunaíodh COC sa bhliain 1845 agus idir an dá linn tharla mórchuid tréimhsí dúshlánacha ón ngorta go dtí forás eacnamaíoch, ón gcúlú eacnamaíochta go dtí an athbheochan. Cuireadh tús leis an bplean seo ag deireadh na bliana 2019, ach cuireadh stop arís leis le linn dhianghlasáil phaindéim COVID-19 nuair a tugadh faoi deara go raibh tionchar nach beag ag an bpaindéim ar phobal na n-ealaíon agus an chultúir. Bhíomar cíocrach chun filleadh ar ár gcuid cuspóirí le cinntiú go mbeadh an plean seo dírithe ar na nithe seo a réiteach agus an domhan ag oscailt arís. Tá tiomantas COC do chúrsaí cruthaitheachta níos láidre ná riamh, agus tá sé mar luach tábhachtach a threoraíonn an plean seo. Is minic a tharlaíonn an chruthaitheacht seo de bharr comhoibrithe, agus tá sé mar aidhm ag an bPlean Ealaíon agus Cultúir seo athrú a chur sa tsiúl ach an comhoibriú céanna a bheith sa treis. Tá amhlaidh á thacú agus á éascú againn toisc go bhfuil an Curaclam Cónasctha glactha againn agus Todhchaíochtaí COC: ár dtodhchaí a chinntiú le taighde den chéad scoth seolta againn.

Cuireann an Plean Ealaíon agus Cultúir seo treoir ar fáil do COC na hacmhainní riachtanacha a fhorbairt agus a bhailiú chun leas iomlán a bhaint as ár gcuid cumais mar champas beo atá lán de bhuanna agus scileanna ealaíne agus cruthaitheacha. Cinnteoidh na gníomhartha seo dár gcuid go mbeidh an deis ag an 24,000 mac léinn de chuid COC a thagann as gach cearn den domhan, ról a imirt i gcaidreamh oideachasúil ealaíne agus cruthaitheach agus páirt a ghlacadh ann. Agus an plean seo i réim, tá sé mar fhís againn go mbeidh COC mar rogha ollscoil do mhic léinn ar mhian leo a bheith spreagtha agus na hiarrachtaí ealaíne agus cruthaitheacha is fearr timpeall orthu; áit inar féidir le mic léinn agus acadóirí a bhfuil buanna ar leith acu a gcuid lánachmainneachta a chomhlíonadh.

D’éirigh le alumni COC barr feabhais a bhaint amach i ngach gné de chúrsaí ealaíne agus de thionscail chruthaitheacha. Díríonn Clár Thréithe an Chéimí gníomhach dár gcuid ar an obair a bhaineann le deimhin a dhéanamh de go bhfuil gach mac léinn a fhágann COC ullamh chun bheith mar shaoránach domhanda a ghlacann go réidh le freagracht idir phearsanta agus sibhialta. Chonaiceamar cuid de na scríbhneoirí ba mhó cáil ar an gcampas seo againne mar aon le drámadóirí, ceoltóirí agus ealaíontóirí - ní hamháin gur imríodar tionchar orainn ach d’imríomar tionchar orthu leis. Thug réiteach an phlean seo lón machnaimh dúinn maidir leis an bhforbairt a dheineadar ar a gcuid scileanna laistigh de COC. Féachaimid romhainn sa phlean seo chun leas breise a bhaint as na gnéithe agus luachanna ar leith sin agus chun iad a ghríosadh le cinntiú go leanfaimid orainn ag soláthar mórchuid céimithe cruthaitheacha agus spreagúla atá ag teastáil ar fud an domhain.

Beidh glacadh sa phlean seo le gach uile theanga, thraidisiún agus fhéiniúlacht chultúrtha; agus cuimseoidh sí raon éagsúil foinsí agus tionchar chun go gcruthófar Ollscoil a bheidh spreagtha agus a bheidh spreagúil. Táim buíoch de Choiste Stiúrtha na nEalaíon agus an Chultúir a thiomsaigh an plean seo agus de pháirtithe leasmhara san ollscoil agus lasmuigh di a roinn a gcuid smaointe agus a gcuid ama go fial agus an plean á réiteach.



An tOllamh John O’Halloran
Uachtarán

## Tá an chruthaitheacht mar bhonn lenár gcuid taighde, teagaisc agus foghlama chun eolas nua agus luachmhar a spreagadh agus a roinnt.



‘Taispeántas Ealaíontóirí Cónaithe agus na Mac Léinn Ealíne’ de chuid Chruthaitheacht COC mí Mheán Fómhair 2019 san Aula Maxima, COC. Íomhá le Marcin Lewandowski / Scoil na Grianghrafadóireachta.

# Brollach

Tá cúrsaí cultúrtha go smior ionainn i gColáiste na hOllscoile Corcaigh. Tá clú agus cáil ar ghlúnta de bhaill foirne agus alumni i dtaca le cúrsaí taibhléirithe, litríochta, ceoil, oidhreachta, staire, teanga, amharcealaíon, drámaíochta, scannán agus rince. Tá tionchar acu ar fud an domhain i gcónaí sna tionscail chruthaitheachta agus chultúrtha, agus tá a gcuid smaointe ealaíne mar dhúshlán dúinn athmhachnamh a dhéanamh ar ár gcuid tuairimí chun fás agus forbairt. Baineann cuid mhaith de chruthaitheacht, smaointeoireacht chruthaitheach, agus cleachtadh cruthaitheach i measc na mac léinn agus na mball foirne le tiomantas COC do chomhoibriú taighde agus teagaisc idir disciplíní éagsúla. Sa bhliain 1922, bhí COC ar an gcéad ollscoil ar domhan a chuir an ceol Gaelach ar an gcuraclam, rud úrnua ar leith ag an am. Sa lá atá inniu ann, tá an Ghaeilge mar theanga chruthaitheach chomhaimseartha ina dlúthchuid de chlú agus cáil dhomhanda COC. Is iomaí ball foirne againn atá ina saineolaithe domhanda agus ina gcleachtóirí cruthaitheacha a sháraíonn teorainneacha raon leathan disciplíní agus modhanna ealaíne.

Céad bliain i ndiaidh na móreachtra seo, tá pointe nua sroichte againn a léiríonn an tábhacht a bhaineann le tiomantas fadtéarmach do na healaíona agus an cultúr atá mar chúis mhórtais do COC. Tá sé léirithe go héifeachtach ag paindéim COVID-19 go bhfuil áit lárnach ag na healaíona i saol an uile dhuine agus ina n-éagmais gur sinne atá thíos leis.


Rinne an phaindéim níos mó dochair do na healaíona ná mar a dhein sí d'earnálacha eile agus tá baol ann dóibh amach anseo. Eachtraí mar

## LUACHANNA AN CHULTÚIR 2025: CREAT UM BEARTAS NÁISIÚNTA CULTÚRTHA D'ÉIRINN

- Sainluach an chultúir
- Luach na n-ealaíon, an chultúir agus na hoidhreachta dár saol agus dár bpobail
- Ceart an uile dhuine ar pháirt a ghlacadh i saol cultúrtha agus cruthaitheach an náisiúin
- Luach na cruthaitheachta d'fholláine an duine aonair agus an phobail
- Tábhacht na Gaeilge, ár gcultúir oidhreachta, an bhéaloidis, na gcluichí, an cheoil agus sheoid na gceantar Gaeltachta
- Luach na héagsúlachta cultúrtha ina bhfuil mórchuid traidisiún agus cúlraí sóisialta atá go léir mar bhonn de thír na hÉireann an lae inniu
- Luach an chultúir mar mhodh chun todhchaí níos inbhuanaithe a chothú in Éirinn, polasaí eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta san áireamh
- Luach an chultúir agus Éire a chur i láthair an domhain mhóir

seo, éilíonn siad freagra láidir agus tuisceanach láithreach bonn, chomh maith le tiomantas leanúnach do mhachnamh cruthaitheach agus straitéiseach.
Beidh scileanna cruthaitheachta COC, ár gcuid buanna agus gaiscí cultúrtha leagtha amach ar bhonn foirmiúil sa phlean seo a thacóidh leo agus a dhéanfaidh iad a chomóradh.
Forbraíodh é agus creataí polasaí náisiúnta curtha san áireamh, mar shampla Cultúr 2025, Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh 2016-2025 de chuid na Comhairle Ealaíon agus Clár Éire Ildánach 2017-2022.
Tá luachanna Chultúr 2025 mar thaca leis: Creat um Beartas Náisiúnta Cultúrtha d'Éirinn.
Le linn ré COVID tar éis tuairisc sa bhliain 2020 dar teideal 'Life Worth Living' a bheith foilsithe ag Tascfhórsa na nEalaíon agus an Chultúir sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, cuirfimid lenár dtiomantas d'iarrachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le teacht aniar na n-ealaíon, agus lena gcuid cumais chun ár gcuid freagraí ar ghéarchéimeanna dúshlánacha eile amach anseo a mhúnlú.
Eascraíonn an plean seo as Plean Straitéiseach COC 2022 ina dtugtar le fios go bhfuil rathúlacht na mac léinn mar phríomhchuspóir straitéiseach do COC agus béim á cur aige ar dheiseanna sóisialta, cultúrtha agus spóirt.

"Bhí COC ar an gcéad ollscoil ar domhan a chuir an ceol Gaelach ar an gcuraclam, rud úrnua ar leith ag an am. Sa lá atá inniu ann tá cleachtas cruthaitheachta comhaimseartha na Gaeilge mar chuid de chlú agus cáil COC"



An chláirseach chlasaiceach á teagasc ag Bonnie Shaljean.

“Agus sinn laistigh den cheathrú réabhlóid thionsclaíoch a bhíonn ag síor-athrú, táimid tiomanta do chumais na ré digití a fhorbairt, réiteach fadhbanna casta, machnamh criticiúil agus cruthaitheacht san áireamh.” Agus Áiléar Glucksman agus Amharclann na Gráinsí againn chomh maith le cláir acadúla á dteagasc i gColáiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta, sraith ceoil FUAIM san áireamh, agus ár gcuis scéimeanna d’Ealaíontóirí Cónaithe, comhlíonann COC a chuid cuspóirí maidir leis an bhfoghlaim fadsaoil agus an fhoghlaim saoil do shaoránaigh ag gach aois agus gach leibhéal cumais. Comhpháirtíocht straitéiseach leis an gComhairle Ealaíon is ea na trí scéim um Ealaíontóirí Cónaithe sa scríbhneoireacht, sa cheol traidisiúnta agus in ealaíon na scannánaíochta.
Tá an Plean Ealaíon agus Cultúir seo scríofa agus na straitéisí seo curtha san áireamh aige: Straitéis Acadúil 2018-2022 de chuid COC, Straitéis Inbhuanaithe 2016, Straitéis Spórt 2019-2022, mar aon le Plean Straitéiseach Áiléar Glucksman 2018-2022. Tá a gcuid luachanna agus cuspóirí faoi seach mar chuid de.



Ar dheis: Lucht féachana ag imeacht ceoil in Áiléar Glucksman. Is féidir ‘Flush’ le Charles Tyrell, ó Bhailiúchán Ealaíne COC le feiscint sa chúlra.

## Ollscoil Chónasctha

Tá plean straitéiseach COC 2022: Ag Soláthar Ollscoil Chónasctha mar thaca leis na cuspóirí atá leagtha amach maidir leis an gcreat um Churaclam Cónasctha atá leagtha amach i Straitéis Acadúil COC 2018-2022 agus deineann sé iad a scagadh a thuilleadh. Beidh teagasc taighdebhunaithe, idir- agus trasdisciplíneacht, infhostaitheacht, inbhunanaitheacht, agus tionchar domhanda chomh maith le caidreamh pobail (na sé ghné de chreat an Churaclaim Chónasctha) mar bhonn le forbairtí agus infheistíochtaí i gcúrsaí ealaíon, cultúir, oidhreachta agus cruthaitheachta.

## Tréithe an Chéimí

Tá Clár Thréithe an Chéimí de chuid COC, atá mar chuid de Straitéis Acadúil 2018-2022, mar bhonn leis an bplean seo chomh maith. Cuirtear chun cinn leis an tionscnamh seo forbairt chumais acadúla, shainiúla agus theicniúla na mac léinn agus na scileanna inaisrithe á soláthar dóibh is féidir a úsáid i dtimpeallachtaí éagsúla. Agus iad dírithe ar chroíluachanna agus tréithe an chéimí a fhorbairt, tá comhtháthú á dhéanamh idir na tionscnaimh seo agus an curaclam acadúil, agus cur chuige iomlánioch oideachasúil á ghlacadh chun carachtar a fhorbairt, mar aon le gairmiúlacht agus cumas chun machnamh a dhéanamh ar bhonn criticiúil agus cruthaitheach. Forbraíonn COC céimithe atá mar chruthaitheoirí eolais, agus mar smaointeoirí cruthaitheacha agus neamhspleácha i mórchuid disciplíní. Tá COC ar a dhícheall chun go mbeadh a chuid céimithe in ann cumarsáid dhigiteach a dhéanamh, iad freagrach go sóisialta agus iad ina saoránaigh dhomhanda éifeachtacha a théann i ngleic le héagothroime.

## Clár Quercus na Mac Léinn Cumasach

Tá Clár Quercus na Mac Léinn Cumasach mar thaca breise le mianach COC chun tacú le barr feabhais agus chun é a chur chun cinn, agus lánscoláireachtaí aige do mhic léinn den chéad scoth sa léann, na healaíona cruthaitheacha agus na taibhealaíona, an spórt, an tsaoránacht ghníomhach agus nuálaíocht/fiontraíocht. Mic léinn i ndisciplín ar bith a léiríonn bua i ndáil le disciplín cruthaitheach nó taibhléirithe, tapaítear an deis dóibh tacaíocht airgeadais a fháil chun tabhairt faoi staidéar in COC agus lánúsáid a bhaint as acmhainní uile na hollscoile chun tacú lena gcuid oibre cruthaithí.



**Thuas: Ní raibh Harry Clarke ach 21 bhliain d'aois agus é ag obair i stiúideo a athar nuair a coimisiúnaíodh é chun naoi bhfuinneog dhaite a chruthú i Séipéal Uí Ónáin Fhionnbhairr Naofa in COC. Tá bailiúchán de shaothair ealaíne liotúirgí i Séipéal Uí Ónáin ar an mbailiúchán is tábhachtaí in Éirinn d'Ealaíona agus Ceardaíocht agus díol suntais é ó thaobh alitireachta agus ealaíne náisiúnta de. Íomhá le Tomás Tyner le caoinchead ó Iontaobhas Uí Ónáin.**



Thuas: Radharc ó 'Walking with Ireland into the Sun: The Women of 1916', dráma iontach ó pheann an Dr Finola Doyle, O'Neill, Staraí Craoltóireachta in COC, á léiriú ag baill foirne COC.

## Caidreamh leis an bPobal

Is iomaí ceangal atá déanta ag COC lena chuid pobal seachtrach.

> Oibríonn gach aonad acadúil agus taighde go dian le cinntiú go gcothaítear sna cláir chaidrimh dá gcuid smaointeoireacht oscailte, malartú eolais agus cruinnithe samlaíocha.

Cuireann an saothar seo leis na luachanna seo dár gcuid, ionracas agus meas, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú. Deis bhreise atá sa phlean seo chun cur leis an gcaidreamh a dhéanaimid leis an tsochaí shibhialta agus chun ról níos gníomhaí a imirt i saol cruthaitheach an Lucht Taistil, na mac léinn Tearmainn, daoine aonair agus na dteaghlach sna hionaid Soláthair Dhírigh mar aon leis an iliomad daoine ó phobail ar an imeall.

## Taighde agus Cleachtadh Cruthaitheach

Tá ceannaireacht maidir le Taighde agus Cleachtadh Cruthaitheach le feiceáil ar fud COC, agus ealaíontóirí agus taighdeoirí ealaíne ag forbairt taighde cruthaitheach den scoth, iad ag obair go samhlaíoch le modheolaíochtaí hibride úrnua, agus ag comhoibriú ar fud na hollscoile le hailtirí, dlíodóirí, innealtóirí, eolaithe, cuntasóir agus lucht fiontraíochta ar bhonn foirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

D'fhoilsigh Fondúireacht Chultúrtha na hEorpa cáipéis dar teideal 'The Rethinking European Cultural Policy after the Coronavirus Crisis' ina dtugann sí tús áite d'iarrachtaí na hEorpa chun teacht aniar, dlúthpháirtíocht, daonlathas, inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus luach eacnamaíoch a fhorbairt. Tacóidh Plean Ealaíon agus Cultúir COC leis an gcumas chun teacht ar mhodheolaíochtaí úrnua sna healaíona a churfidh le nuálaíocht agus chun cuspóirí straitéiseacha náisiúnta a bhaint amach ó thaobh maoinithe taighde de, chomh maith le sochaí a bhunú atá níos córa agus níos cuimsithí. Cuirfidh sé le dea-theist agus tábhacht COC mar institiúid taighde agus mar áit gur fiú cuairt a thabhairt air. Déanfaidh sé forbairt bhreise ar cháil COC mar acmhainn chultúra i gCorcaigh agus i gCúige Mumhan.

## Cumainn na Mac Léinn

Tá dlúthchaidreamh le brath idir an raon leathan de Chumainn na Mac Léinn sna disciplíní cruthaitheacha agus cultúrtha in COC agus ranna acadúla na hollscoile, mar aon leis an bpobal agus an earnáil

ollscoile i gcoitinne. Éiríonn go rímhaith leo ar bhonn leanúnach i gcomórtais náisiúnta laistigh de ghreásáin na n-ollscoileanna. Sa bhliain 2019, bhronn BICS, eagraíocht náisiúnta chumainn na mac léinn níos mó gradam ar COC nár ar aon institiúid tríú leibhéal eile ar fud na tíre.

## Oidhreacht agus Bailiúcháin COC

Is iomaí seoid atá ag campas Oidhreacht COC ar nós:
an Chearnóg Láir, an Aula Maxima, Réadlann Crawford agus Séipéal Uí Ónáin agus an eiseamláir iontach nua-aimseartha den ailtireacht atá in Áiléar Glucksman.
Sa bhliain 2017, bhí Áiléar Glucksman ar an gcéad iarsmalann i gCúige Mumhan a fuair creidiúnú iomlán ar an gClár um Chaighdeáin na nIarsmalann in Éirinn de bhua na haire a thugtar do Bhailiúchán Ealaíne COC i ngach gné d'obair na hiarsmalainne.
Chomh maith leis an amharcealaín, tá an bailiúchán is fearr ar domhan in COC de Chlocha Oghaim gan trácht ar na heiseamail a bhailigh Charles Darwin. Tá bailiúchan saibhir ag Leabharlann Boole lena n-áirítear ábhar cartlainne ar nós an 'O'Neill Henebry Wax Cylinder Collection', leabhair ársa chlóite agus lámhscríbhinní uathúla cosúil le Leabhar Leasa Móir ón 15ú haois, agus Leabhar Mór na hÉireann (1991).
Áirítear i mBailiúchán Oidhreachta na hollscoile líon mór déantán, mar shampla earraí airgid, troscán agus éidí a cruthaíodh nuair a tógadh Séipéal Uí Ónáin (1916). Tá an ollscoil tiomanta do thacú le caidreamh critiúil lena cuid bailiúchán.

**Ar dheis:** Ruairí ó Chumann Eolaíochta COC i mbun na cruthaitheachta sa tsaotharlann. Íomha le Barry Sheerin.

**Thíos:** Ceardlann 'Dancing About Architecture' Nollaig 2019. Íomhá le Marcin Lewandowski / Scoil na Grianghrafadóireachta.





Tá an saibhreas agus an cumas ealaíonta, cultúrtha agus cruthaitheach seo mar bhonn le Plean Ealaíon agus Cultúir COC a fhorbairt.

I gcaitheamh na chéad chúig bliana eile, agus an plean seo in úsáid, tabharfaidh COC aitheantas, spreagadh agus ómós do chleachtas cruthaitheach na mac léinn agus na foirne, na cláir agus gníomhaíochtaí ealaíne agus cultúrtha a chruthaíonn an ollscoil agus ár gcuid buanna agus bailiúchán.

Déanfaidh an plean seo na gnéithe cruthaitheacha seo a nascadh lena chéile. Sna ranna thíos, leagaimid amach cuspóir, fís agus misean an Phlean Ealaíon agus Cultúir seo agus direomid ar chumas ealaíne agus cultúrtha COC a aithint agus a chur chun cinn.

**Ar dheis:** 'Boole and Blanket project', Cumann Cniotála COC.

**Thíos:** 'Homeless in Hollywood' ag seinnt i 'gCath na mBannaí' de chuid Chumann Ceoil COC sa Kino i mí Feabhra 2020. Íomhá le Rebecca Dineen.

**An leathanach thall:** Keana, Chloe, Tara agus Tiarnan ag seoladh Sheachtain Faisin COC 2020. Íomhá le Ciaran Stack, arna stíliú ag Maeve O'Sullivan ó Chumann Faisin agus Stíle COC.







# Cuspóir, Fís agus Misean

## CUSPÓIR AN PHLEAN

Bunaíodh COC sa bhliain 1845 agus is ollscoil uaillmhianach í a bhfuil oidhreacht stairiúil aici ina bhféachann sí roimpí i gcónaí. Óstálaimid 24,000 mac léinn ó gach cearn den domhan, agus nuair a bhronnfar céim orthu, beidh siad ina saoránaigh dhomhanda éifeachtacha ina gcuid réimsí staidéir.

Agus sinn lonnaithe i gceantar uirbeach, tá dlúthcheangal againn le pobail ealaíne agus a lucht leanúna i gCorcaigh, i gCúige Mumhan agus in Éirinn, rud a fhágann go bhfuil COC in ann comhoibriú ar bhonn rathúil, misniúil agus físeach agus modhanna nua comhoibrithe a fhorbairt a roinntear lenár ngréasáin idirnáisiúnta.

Tá cuspóir an Phlean Ealaíon agus Cutúir seo leabaithe inár gucspóir mar Ollscoil Chónasctha. Is mian linn ceangail chruthaitheacha agus ealaíne a bheathú agus a ghríosadh idir phobal na mac léinn agus na foirne, an curaclam, ár mbuanna cultúrtha, ár gcomhpháirtithe, an chathair, an tír agus an domhan. Tá an plean seo mar ghríosadh agus mar sprioc dár gcuid láidreachtaí. Tá sé mar mhodh chun bonn a chur le hacmhainní agus chun comhpháirtithe atá ar aon aigne linn a mhealladh d'fhonn ár gcuid cuspóirí a bhaint amach i dtaca le ceangal cruthaitheach agus na féidearthachtaí a bhaineann le cúrsaí trasdiciplíneacha.

Bíonn athrú de shíor ag teacht ar an tsochaí, ar an teicneolaíocht agus ar na dúshláin atá i ndán don duine daonna. In COC, ní mór solúbthacht, fiosracht agus treallús a bheith sa chur chuige a úsáidimid i leith an taighde má táimid chun teacht ar réitigh chruthaitheacha ar leith a bhainfidh geit dhearfach asainn.

**Ar dheis:** Ball bhord Áiléar Glucksman Nicholas Fox Weber ag cur fáilte roimh ghrúpa scoile go dtí taispeántas Josef Albers.
An Chéad Leathanach

**Eile Thuas:** Páiste ag plé le healaín an ghutha ag an taispeántas 'Resonant Tails'; cuid de thionscadal taighde faoi stiúir Yvon Bonenfant, Roinn na hAmharclannaíochta, COC. Íomhá le 'Tract and Touch'.
An Chéad Leathanach

**Eile Thíos:** Imeacht Shanghai, COC.



## FÍS

Go mbeadh dea-theist dhomhanda orainn mar rogha ollscoil a chuireann an-eispéireas staidéir ó thaobh cultúir de ar fáil in Éirinn. Déanfaimid seo a ghnóthú ach leas a bhaint as na buanna agus na scileanna cultúrtha, ealaíonta agus cruthaitheacha ata againn. Cuirfimid taighde trasdisciplíneach sna healaíona chun cinn mar aon le modhanna caidrimh nua.





## MISEAN

Is faoi réir ag Plean Straitéiseach (2023-2028) an misean atá againn. Déanfaimid iarrachtaí ealaíne, cultúrtha agus cruthaitheacha a chur chun cinn mar ghné lárnach i ngach raon de shaol na hollscoile, iad a úsáid chun ár gcuid disciplíní go léir a chónascadh agus chun malartú eolais a spreagadh; caidreamh pobail agus sibhialta a chothú; nuálaíocht a ghríosadh; agus slite bríomhara nua a chruthú san fhoghlaim, sa teagasc, sa taighde, san obair agus sa saol.

# Cuspóirí Straitéiseacha

Chun ár bhFís agus Misean a bhaint amach, bainfimid úsáid as ár gcuid Cuspóirí:

**1.** Cumhacht chruthaitheach ár **láidreachtaí agus buanna cultúrtha** a fhorbairt a chuimsíonn ár mbailiúcháin, ár n-oidhreacht agus ár gcleachtóirí, ealaíontóirí agus smaointeoirí cruthaitheacha.

**CHUN GUR FÉIDIR LINN**

**2.** **Samhlaíocht ealaíonta** a chothú ar fud phobal na hollscoile a chinntíonn eispéireas foghlama ar leith

**CHUN GO SEASAIMID AMACH FAD IS A**

**3.** Dhéanaimid ceannaireacht ar fud an domhain i dtaca le **cur chuige trasdisciplíneach agus ealaíne** i leith taighde agus malartaithe eolais.

**MAR THORADH AIR SEO**

**4.** Rachaidh **rochtain agus cuimsiú** i bhfeabhas agus braithfidh pobal uile COC go bhfuil baint acu féin le hiarrachtaí cruthaitheachta

**CHUN TACÚ LEIS SEO OIBREOIMID**

**5.** Ar mhaithe le hacmhainní ealaíon, cultúir, iarrachtaí cruthaitheachta agus oidhreachta in COC

## GNÍOMHARTHA STRAITÉISEACHA

### 1. Cumhacht chruthaitheach ár láidreachtaí agus buanna cultúrtha a fhorbairt a chuimsíonn ár mbailiúcháin, ár n-oidhreacht agus ár gcleachtóirí, ealaíontóirí agus smaointeoirí cruthaitheacha.

**D'fhonn tacú go hiomlan le cuspóirí an phlean seo, forbróimid pictiúr soiléir de na scileanna, na buanna agus na hacmainní cultúrtha, oidhreachta agus cruthaitheacha atá in COC, iad atá sofheicthe agus dofheicthe. Cinnteoidh amhlaidh gur féidir lánúsáid a bhaint astu chun eispéireas bunaithe go mór ar na healaíona a chruthú ar fud na hollscoile, agus chun tionchar agus cáil COC a fheabhsú mar institiúid acadúil ina bhufuil na healaíona, an cultúr agus an chruthaitheacht go smior inti. Chun an cuspóir straitéiseach seo a sholáthar:**

- Forbróimid Clár na mBuanna Cultúrtha, Oidhreachta agus Cruthaitheacha chun taifead cruinn a dhéanamh ar an mórchuid buanna in COC, an staid ata orthu ó thaobh caomhnaithe de agus na féidearthachtaí forbartha a bhaineann leo. Tabharfar aire níos fearr dóibh ach an cur chuige comhordaithe agus cuspóireach seo chomh maith le gníomhú maidir le hinfheistíocht daonchairdis nó mhaoinithe, cruthú ioncaim, nó an cumas chun dea-theist na hinstitiúide a fheabhsú

- Bunóimid léarscáil de na hiarrachtaí cruthaitheachta agus comhoibriú in COC as a dtagann feasacht níos fearr mar gheall ar gach gné de na healaíona agus an cultúr ar an gcampas, conas is féidir iad a ghníomhú agus conas is féidir tacú leo

- Leagfaimid plean amach agus aithneoimid curaidh ar fud na hollscoile ar mhaithe leis na riachtanais chaipitiúla agus bhonneagair is gá chun na cuspóirí a bhaint amach

- Déanfaimid ceangail níos foirmiúla a fhorbairt le alumni cruthaitheacha tríd an Oifig Alumni d'fhonn teacht ar dheiseanna chun tacú le foghlaim chruthaitheach, comhpháirtíochtaí nó nuálaíocht sa taighde

- Clár ambasadóra domhanda a chruthú chun bród as tiomantas COC do na healaíona agus don chultúr a chothú le go nglacfaí páirt ann

- Plé ar bhonn comhoibritheach i slí éifeachtach le Cathair agus Contae Chorcaí agus a gcuid príomhpháirtithe leasmahra chun beocht a chur i gcampas agus scileanna cruthaitheachta COC do mhuintir Chorcaí, chomh maith le turasóireacht idirnáisiúnta, cuairteanna taidhleoireachta srl

- Aithneoimid agus comórfaimid na cuimhneacháin agus na buaicphointí ar fud na hollscoile, mar shampla comóradh céad bliain ár gcuid buanna oidhreachta, acadúla agus cultúrtha

- Cinnteoimid go mbeidh teacht an-oscailte ar ár gcuid buanna ag lucht COC agus an saol mór ach cláir nuálacha a sholáthar ina bhfuil ábhar digiteach agus caidreamh leis an bpobal



Ceardlann 'Dancing About Architecture', Nollaig 2019. Íomhá le Marcin Lewandowski / Scoil na Grianghrafadóireachta.

# Gníomhartha Straitéiseacha

> Beidh deis ag gach duine de mhuintir COC saol iomlán agus gníomhach ó thaobh an chutúir agus na n-ealaíon de a bhlaiseadh, rud a chuireann dlús lenár gcuspóir chun smaointeoirí cruthaitheacha agus neamhspleácha a fhorbairt, ag cónascadh an churaclaim leis an gcathair agus lasmuigh di

## 2. Samhlaíocht ealaíonta a chothú ar fud phobal na hollscoile a chinntíonn eispéireas foghlama ar leith

**Is cuma más cleachtóirí cruthaitheacha iad mic léinn nó baill foirne nó a mhalairt, beidh deis ag gach éinne de mhuintir COC blaiseadh a fháil de shaol gníomhach lán de chúrsaí cultúrtha agus ealaíne, rud a chuirfidh dlús leis an gcuspóir dár gcuid smaointeoirí cruthaitheacha agus neamhspleácha a chruthú agus an curaclam á chónascadh againn leis an gcathair agus lasmuigh di Chuige seo, ní mór aitheantas, spreagadh agus ómós a thabhairt d'iarrachtaí cruthaitheacha agus ealaíne chun gur féidir le mic léinn reatha agus mic léinn amach anseo a fheiceáil gur mór ag an ollscoil amhlaidh agus go ndéanann sé bród agus muintearas a chur chun cinn do chách, bítear ag obair laistigh de na healaíonta nó nach mbítear. Chun an cuspóir straitéiseach seo a sholáthar:**

- Déanfaimid comóradh agus léiriú ar iontais agus éagsúlacht shaineolaithe COC, idir bhaill foirne agus mhic léinn, sna cleachtais chruthaitheachta
- Cruthóimid deiseanna forbartha do mhic léinn trí na healaíona agus an cultúr, bíodh sin ar chúrsaí acadúla uile-ollscoile, le tacaíochtaí a chur ar fáil ar nós meantóireachta, nó le gníomhaíochtaí seach-churaclaim
- Tabharfaimid údarás do choláistí breis iniúchta a dhéanamh ar chumas cruthaitheachta ghníomhaíochtaí na n-ealaíon agus an chultúir i ndáil leis an taighde, an teagasc agus an caidreamh leis an bpobal a dhéanann siad, rud a chuirfidh ar a gcumas tuiscint agus eispéireas níos doimhne a fháil ar fhionnachtain ealaíne mar mhodh chun leas a bhaint as gach gné den chruthaitheacht
- Cuirfimid tionscadail ar taispeáint a bheidh cruthaithe againn a dhéanann scagadh agus leathnú ar chruthaitheacht i ngach disciplín, mar shampla Sláinte agus Folláine, Comhionannas agus Éagsúlacht, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht
- Cruthóimid tacaíochtaí forbartha gairmiúla leanúnaí i dtaca le cleachtas cruthaitheach ach cláir neamhfhoirmiúla agus chreidiúnaithe a sholáthar mar aon le sealanna cónaithe agus deiseanna taighde do mhic léinn, baill foirne agus páirithe leasmhara a chinnteoidh go dtabharfar tús áite do chláir leanúnacha atá ann cheana féin
- Aithneoimid agus cruthóimid spásanna foirmiúla nó neamhfhoirmiúla ar an gcampas chun teacht le chéile ar bhonn cruthaitheach agus chun oibriú i gcomhar lena chéile laistigh de phobal na hollscoile. Beidh siad seo ar fáil do bhaill foirne, mic léinn agus cumainn na mac léinn uile, rud a chinntíonn go ndíreofar ar inrochtaineacht
- Oibreoimid i bpáirt le healaíontóirí d'fhonn tionscadail atá oiriúnach don láthair a fhorbairt ina gcuirfear fáilte roimh lucht féachana inmheánach agus seachtrach chun ealaín, taibhléiriú agus scannánaíocht chomhaimseartha a bhlaiseadh i gcomhthéacsanna nua ar fud na hollscoile

## 3. Déanaimid ceannaireacht ar fud an domhain i dtaca le cur chuige trasdisciplíneach agus ealaíne i leith taighde agus malartaithe eolais.

**Mar ollscoil, tá COC go mór ar son an chur chuige ealaíonta i leith taighde agus malartaithe eolais agus déanann sé disciplíní a chónascadh lena chéile ach tionscadail ealaíne agus chruthaitheacha a chur ar bun. Tá sé d'acmhainn ag smaointeoireacht ealaíne cur isteach ar bhonn dearfach ar smaointe agus gnásanna a bhaineann le disciplíní de ghnáth. Ardaíonn sí ceisteanna radacacha nua, agus tapaíonn sí deiseanna maidir le cur chuige úrnua a chruthú i dtaca le fionnachtain agus nuálaíocht laistigh agus lasmuigh de na healaíona. Táimid ag cur leis an ngíomhaíocht seo atá ann cheana féin le bheith mar cheannaire domhanda sa ghort seo. Chun an cuspóir straitéiseach seo a sholáthar:**

- Maidir le tástáil a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí a eascraíonn as modhanna taighde ealaíne i ngach disciplín, cuirfimid iad chun cinn agus tacóimid leo. Mar thoradh air seo, cinnteoimid go dtuifgidh pobal uile COC agus na pobail lasmuigh de, a bhfuil caidreamh acu leo, na buntáistí a bhaineann le cur chuige ealaíne i leith cúrsaí taighde

- Cuirfimid chun cinn nuálaíocht oideolaíochta atá dinimiciúil i ngach disciplín, rud a thabharfaidh le chéile na healaíona agus cur chuige eile chun cúrsaí oideachais agus na deiseanna foghlama dár gcuid mac léinn, cláir chéime nua san áireamh, a athrú ó bhonn

- Cothóimid clár oibre taighde ealaíne, an bhaint atá aige sin leis an saol, agus an cumas nuálach atá aige trí ghréasáin áitiúla agus idirnáisiúnta agus le gníomhaireachtaí maoinithe. Bainfear úsáid as gníomhartha a chuirfidh le beartas agus straitéis náisiúnta agus réigiúnach a chothaíonn na healaíona, an eacnamaíocht chruthaitheach, cúrsaí gnó, eolais agus nuálaíochta éiceolaíochta

- Léireoimid na buntáistí a bhaineann le comhpháirtíochtaí acadúla le spásanna cultúrtha ar fud na hollscoile agus lamuigh di, d'fhonn na deiseanna a bhaineann le cur chuige ealaíne i ngach discipín a chur chun cinn

- Bainfimid úsáid as na hardáin dhigiteacha ábhartha chun taighde ealaíne a chomóradh agus a léiriú, rud a chuirfidh le cáil na hollscoile sa ghné ar leith seo



Ar dheis: Mac Léinn Deonach COC ag tacú le clár Áiléar Glucksman dar teideal 'Creative Agency' do theifigh, iarrthóirí tearmainn agus inimircigh óga.

# Gníomhartha Straitéiseacha

> Cuirtear fáilte romh chách trí gheataí COC agus cosán cumhachtach is ea na healaíona agus an cultúr chun cur le rochtain agus cuimsiú.

## 4. Rachaidh rochtain agus cuimsiú i bhfeabhas agus braithfidh pobal uile COC go bhfuil baint acu féin le hiarrachtaí cruthaitheacha

**Cuirtear fáilte romh chách trí gheataí COC agus cosán cumhachtach is ea na healaíona agus an cultúr chun cur le rochtain agus cuimsiú. Aithníonn agus cothaíonn an Plean Ealaíon agus Cultúir seo an obair ata déanta le cinntiú go mbeimid mar cheannaire domhanda sa ghné seo. Air seo tá ár gcuid oibre mar Ollscoil Tearmainn a léiríonn tiomantas fada COC don chuimsiú in Éirinn agus ar fud an domhain agus cláir rochtana agus chuimsithe á gcur ar fáil aige. Díol suntais is ea é go dtugann a chuid clár an chumhacht d'iarrthóirí tearmainn, teifigh agus inimircigh óga páirt a ghlacadh i dtionscadail úra a chuireann a nguthanna agus a dtuairimí os comhair an tsaoil mhóir. Léirítear sa phlean seo príomhchuspóir na hollscoile go mbeadh COC oscailte do chach lena gcuid cúrsaí ealaíne agus cultúrtha agus an aidhm atá ann an obair seo a thabhairt le chéile chun go mbraithfidh ár bpobail go léir mar chuid riachtanach den ollscoil. Chun an cuspóir straitéiseach seo a sholáthar:**

- Cothóimid compháirtíochtaí le Caidreamh Sibhialta agus Pobail COC agus le Rochtain COC chun tionscadail a fhorbairt a chuirfidh ar chumas na hollscoile teacht orthu siúd nach raibh rochtain acu go traidisiúnta ar eispéireas na hollscoile, mar aon leo siúd nar éirigh leo rochtain a fháil orainn roimhe seo
- Leagfaimid amach aistir éagsúla, ionchuimsitheacha, radacacha nó spéisiúla ó thaobh cultúir agus cruthaitheachta de a thosaigh in COC chun léargas a sholáthar mar chúlra nó pointí tosaigh le haghaidh tionscadal nó gníomhaíochtaí cultúrtha nua nó feabhsaithe in COC
- Léireoimid an tionchar atá ag cláir dhlúth-thaighde agus chaidrimh de chuid COC ar an tsochaí chun cur chuige comhordaithe a neadú ar fud na hollscoile agus chun cur leis an mbaint atá againn lenár bpobail
- Cuirfimid béim agus feabhas ar ghníomhartha a chothaíonn níos mó caidrimh a bhfuil sprioc aige le scoileanna bun- agus iar-bhunoideachais ach cláir, daoine, bailiúcháin agus campas COC féin a chur chun cinn, rud a luífeadh leis na cláir for-rochtana a bhfuil rath nach beag orthu
- Rachaimid i mbun oibre go tacúil le Comhairlí Cathrach agus Contae Chorcaí chun an fhís atá acu a bheith mar Lárionad Eorpach um Fheabhas sna hEalaíona Ionchuimsitheacha. Mar chuid de seo, tabharfar cuireadh do phobail leasmhara chun páirt a ghlacadh i dtionscadail a dhéanann ról an Oifigigh Ealaíon le saol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta na cathrach, an chontae agus na tíre
- Pléifimid le hAonad Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe de chuid COC chun tacú le cur chuige ilghnéitheach i dtaca le forbairt ealaíne agus cultúrtha COC agus chun é sin a chinntiú

## 5. Cur le hacmhainní ealaíon, cultúir, iarrachtaí cruthaitheacha agus oidhreachta in COC

**Bhí tionchar nach beag ag paindéim COVID-19 ar an ollscoil, dúshláin airgeadais san áireamh. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar múnlaí gnó a fhorbairt a bheidh ar a gcumas an bonneagar agus na bunúis acmhainní a láidriú ar mhaithe le hiarrachtaí chruthaitheacha agus chomhoibrithe in COC, agus go dtabharfar togha na haire dár mbuanna sofheicthe agus dofheichthe, agus an staid eacnamaíochta ag teacht chuici féin. Beidh seo mar chúnamh chun dea-theist na gcleachtóirí cruthaitheacha a fheabhsú mar aon le comhionannas deiseanna. Luíonn seo le cuspóirí leathana COC 2022 i dtaca leis an gcampas fisiciúil a athshamhlú. Chun an cuspóir straitéiseach seo a sholáthar:**

- Aithneoimid an múnla gnó agus tacaíochta chun an comhoibriú agus an cheannaireacht chuí a dhéanamh i ndáil leis an bplean seo, chomh maith leis an tacaíocht leanúnach a thugtar do struchtúr coiste uile-ollscoile, a aithneoidh modhanna agus príomhtháscairí feidhmíochta seachadta dinimiciúla i ndáil leis na cuspóirí agus na gníomhartha

- Bunóimid ról mar Oifigeach Ealaíon agus Cultúir agus ceapfaimid an té oiriúnach, chun an Plean Ealaíon agus Cultúir a ghríosadh, mar aon le caidreamh uile-ollscoile leis na healaíona agus an cultúr

- Tacóimid le curaidh chultúrtha i ngach coláiste chun iarrachtaí cruthaitheacha a ghníomhú sna disciplíní acadúla uile, agus mar thoradh air sin, ceangail a chruthú ar fud na hollscoile agus sa phobal thart timpeall uirthi, rud a spreagfaidh caidreamh idirdhisciplíneach agus tionscadail thras-disciplíneacha

- Lorgóimid an tacaíocht chuí ón rialtas agus ó pháirtithe leasmhara eile d'fhonn inbhuanaitheacht theagasc na n-ealaíon cruthaitheach agus na dtaibhealaíon a chinntiú san ollscoil, i bpáirt le comhpháirtíochtí tiomsaithe airgid agus infheistíochta de chuid Oifig Forbartha COC

- Cuirfimid leis an bhforbairt ar an gcoincheap de Bhonneagar Mhol Cruthaitheach COC a bhfuil sé mar aidhm aige tiomantas COC a chónascadh ar bhonn dinimiciúil leis an gcruthaitheacht ar fud na hollscoile, le sainchleachtadh cruthaitheach, go háirithe maidir le cúrsaí tras-disciplíneacha. Oibreoimid ar mhaithe le hacmhainní a chinntiú i dtaca le tionscadal a thástáil agus a phleanáil, chun go dtabharfar an tionscadal sin chun críche. Cruthóimid spás le haghaidh iarrachtaí cruthaitheacha in COC tríd an Mol Cruthaitheach, rud a chuirfidh le dea-theist COC mar ionad domhanda um fheabhas i gcleachtaidh shainiúla dhisciplíní na n-ealaíon cruthaitheach

- Forbróimid comhpháirtíochtaí ábhartha agus straitéiseacha d'fhonn cur le taighde, foghlaim agus eipséireas na n-ealaíon, an chultúir agus na hoidhreachta in COC



'Frasch, Expanded Instruments Project' sa Scoil Scannánaíochta, Ceoil agus Amharclannaíochta, COC.

# Cur i bhFeidhm

Faoi mar a theastaíonn i ngach plean institiúideach, tá gá le slí shoiléir ó thaobh cur i bhfeidhm de chun na cuspóirí atá luaite ann a bhaint amach.

Sa chéad chéim den phlean seo (2022-2024) leagfar béim ar phlean feidhmithe tras-institiúide a chruthú, le curaidh ealaíon agus chultúrtha sna coláistí go léir. Beidh seo mar chúnamh chun an plean a ghríosadh le go mbeidh sé mar dhlúthchuid den champas, ag cinntiú go mbeidh gach duine i bpobal na hollscoile in ann plé a dhéanamh leis agus lena gcuid rólanna féin chun é a chur i bhfeidhm.

Tá an ollscoil tiomanta d’Oifigeach Ealaíon agus Cultúir a cheapadh in 2022, rud a chinnteoidh go ndéafar cuspóirí agus gníomhartha an Phlean Ealaíon agus Cultúir a phleanáil agus a chur i bhfeidhm fad is a chuirfear dlús leis na cuspóirí céanna, rud a chruthóidh timthriall leanúnach.

Beidh Plean Ealaíon agus Cultúir COC i seilbh na hOllscoile go léir agus cuirfear an tionscadal i gcrích mar thiosncadal uile-ollscoile. Beidh struchtúr rialaithe cuí ag tacú leis an dul chun cinn agus an plean á chur i bhfeidhm ach meantóireacht agus measúnú ar siúl aige agus é ag tuairisciú chuig an Uachtarán trí Fhoireann Ceannais na hOllscoile.



Thuas: An t-ealaíontóir Hughie O’Donoghue ag caint faoina chuid saothair in Áiléar Glucksman.

# Aguisín: Modheolaíocht an Chaidrimh

**Bhí Coiste Stiúrtha i bhfeighil ar an bPlean Ealaíon agus Cultúir a scríobh agus an tOllamh John O'Halloran, Uachtarán ina chathaoirleach.**

Rinneadh 25 agallamh duine le duine le páirtithe leasmhara ón taobh istigh, baill Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile, baill foirne agus mic léinn san áireamh.

Reáchtáladh agallamh duine le duine le hocht gcinn de pháirithe leasmhara ina raibh lucht gnó Chorcaí agus ceannairí san earnáil chultúrtha i gCúige Mumhan a bhfuil baint acu le hiarrachtaí cruathaitheachta de chuid COC.

Reáchtáladh chomh maith naoi gcinn de Ghrúpaí fócais le baill foirne, mic léinn, scoláirí Quercus agus baill Chumainn na Mac Léinn in COC.

Seoladh ceisteoir go dtí 36 duine sa phobal cultúrtha chun aiseolas a fháil agus go dtí foireann Choláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta nár cuireadh san áireamh roimhe sin sna hagallaimh duine le duine ná sna grúpaí fócais.

Sa bhliain 2021, tionóladh an Coiste Stiúrtha an athuair chun súil a chaitheamh ar an dréachtphlean arís agus é a uasdátú agus machnamh déanta acu ar thionchar na paindéime ar chuspóirí na hollscoile.

## COISTE STIÚRTHA

| | |
|---|---|
| **An Dr Yvon Bonenfant** | Ceann na hAmharclannaíochta |
| **Kerry Bryson** | Stiúrthóir Forbartha agus Cothaithe Gnó |
| **An tOllamh Stephen Byrne** | Leas-Uachtarán agus Cláraitheoir |
| **An tOllamh Claire Connolly** | Ceann Scoil an Bhéarla agus na nDaonnachtaí Digiteacha |
| **Anne Marie Cooney** | Oifig an Leas-Uachtaráin agus an Chláraitheora |
| **An tOllamh John Cryan** | Leas-Uachtarán Taighde agus Nuálaíochta |
| **Ben Dunlea** | iar-Uachtarán Aontas na Mac Léinn |
| **John FitzGerald** | Stiúrthóir na Seirbhísí Faisnéise agus Leabharlannaí na hOllscoile |
| **An tOllamh Jools Gilson** | Ollamh le Cleachtas Cruthaitheach, Roinn na hAmharclannaíochta |
| **An tOllamh Lee Jenkins** | iar-Cheann Scoil an Bhéarla agus na nDaonnachtaí Digiteacha |
| **An tOllamh Fiona Kearney** | Stiúrthóir, Áiléar Glucksman |
| **Michaela Maher** | iar-Uachtarán, Cumainn COC |
| **Darragh Ó Caoimh** | Ionadaí Gaeilge agus Cultúir Aontas na Mac Léinn |
| **Mary O'Donnell** | Uachtarán Chumainn COC |
| **An Dr Rónán Ó Dubhghaill** | Leas-Uachtarán um Chaidreamh Seachtrach |
| **An tOllamh John O'Halloran** | Uachtarán na hOllscoile (Cathaoirleach) |
| **An tOllamh Laura Rascaroli** | Ceann na Scoile Scannánaíochta, Ceoil agus Amharclannaíochta |
| **An Dr Jean van Sinderen-Law** | Stiúrthóir um Chaidreamh Eorpach agus Gnóthaí Poiblí |
| **An tOllamh Chris Williams** | Ceann Choláiste na nEalaíon, an Léinn Cheiltigh agus na nEolaíochtaí Sóisialta |
| **Asha Woodhouse** | Uachtarán Aontas na Mac Léinn |

Coláiste na hOllscoile Corcaigh
Bóthar an Iarthair,
Corcaigh
Teil: +353 (0)21 490 3000
www.ucc.ie

UCC
Coláiste na hOllscoile Corcaigh
University College Cork, Ireland

**Ar an gClúdach Tosaigh:** Leanne McDonagh, Pavee Presence, Déanann Leanne McDonagh léiriú teibí sa ghrianghraf seo de loic duine den Lucht Taistil ag aonach capall. Tá sé mar chuid de thionscnamh Ealaín Leabharlainne Áiléar Glucksman, bailiúchán ar iasacht de shaothair ealaíne atá ar fáil do scoileanna, pobail agus ionaid cúraim sláinte ar fud na hÉireann.